Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15553/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0276 (COD)

CODEC 2045
ECOFIN 1105
POLGEN 165
COMPET 864
RECH 416
ENER 506
TRANS 548
ENV 1054
EDUC 448
SOC 800
EMPL 612
EF 335
AGRI 687
TELECOM 350
UEM 343
JAI 1182

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 maidir le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 172 CFAE, Airteagal 173 CFAE, an tríú mír d'Airteagal 175 CFAE, agus ar Airteagal 182(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 7 Nollaig 2016, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[2]. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 15 Nollaig 2016[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 12 Nollaig 2017.

[1] 12201/16.
[2] IO C 185, 9.6.2017, lch. 62.
[3] IO C 75, 10.3.2017, lch. 57.

4. Ag an gcruinniú a bhí aige, ar an 6 Nollaig 2017, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe go gcomhaontaíonn sé leis an seasamh sin agus chinn sé an méid seo leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh a fhaomhadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo, mar a leagtar amach é i PE-CONS 58/17; agus

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, mar aon leis an ngníomh reachtach, a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.